# Plean Corparáideach QQI
2025



Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
Quality and Qualifications Ireland

# ÁBHAR

Gluais Acrainmneacha a úsáidtear sa Phlean Corparáideach ........................... 3
Réamhrá ........................................................................................................ 5
Fís, Misean agus Luachanna ......................................................................... 6
Plean Corparáideach ...................................................................................... 7

## Gluais Acrainmneacha a úsáidtear sa Phlean Corparáideach

| | |
|---|---|
| AI | Intleacht Shaorga |
| ALP | Clár na Reachtaíochta Leasaithe |
| ATP | Rochtain, Aistriú agus Forchéimniú |
| CAS | An Córas Comhdhámhachtainí |
| DCEDIY | An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige |
| DEQAR | Bunachar Sonraí na dTorthaí Seachtracha um Dhearbhú Cáilíochta |
| DFHERIS | An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta |
| EDI | Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú |
| ELE | Oideachas Mhúineadh an Bhéarla |
| EQF | An Creat Eorpach um Cháilíochtaí |
| BOO | Bord Oideachais agus Oiliúna |
| BOO | Breisoideachas agus Oiliúint |
| AO | Ardoideachas |
| ÚUA | An tÚdarás um Ard-Oideachas |
| HEI | Institiúid Ardoideachais |
| HR | Acmhainní Daonna |
| ICOS | Láithreán gréasáin Chomhairle na hÉireann do Mhic Léinn Idirnáisiúnta |
| TFC | Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide |
| IQQF | Fóram Cáilíochta agus Cáilíochtaí na hÉireann |
| IRQ | Clár Cáilíochtaí na hÉireann |
| ISSCoP | Cód Cleachtais an Chórais Staidrimh Náisiúnta |
| LAB | Forais Cháiliúcháin Liostaithe |

| | |
|---|---|
| MT | Meabhrán Tuisceana |
| NAIN | An Líonra Náisiúnta um Ionracas Acadúil |
| NFDE | An Creat Náisiúnta um Oideachas Dochtúíreachta |
| CNC | An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí |
| NStEP | An Clár Náisiúnta Teagmhála le Mic Léinn |
| OGCIO | Oifig Príomhoifigeach Eolais an Rialtais |
| PAEC | Coiste Feidhmiúcháin um Chláir agus Dámhachtainí |
| PEL | Cosaint d'Fhoghlaimeoirí Rollaithe |
| PN | Líonra Comhpháirtíochtaí |
| PSRB | Forais Ghairmiúla, Reachtúla agus Rialála |
| DC | Dearbhú Cáilíochta |
| QDR | Clár Thacar Sonraí Cáilíochta |
| QQI | Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann |
| T&F | Taighde & Forbairt |
| RPL | Aithint d'Fhoghlaim Roimh Ré |
| TEQSA | An Ghníomhaireacht um Cháilíocht agus Chaighdeáin an Oideachais Threasaigh |
| USI | Aontas na Mac Léinn in Éirinn |

# 1. Réamhrá

## Is é seo an dara plean corparáideach déag a foilsíodh ó bunaíodh an eagraíocht i Samhain 2012, an chéad phlean a chuireann go díreach leis na tosaíochtaí agus gníomhaíochtaí a leagadh amach inár Ráiteas Straitéise 2025-27.

Tá raon leathan feidhmeanna reachtacha agus feidhmeanna eile maidir le cáilíochtaí agus dearbhú cáilíochta agus léiríonn na bearta atá leagtha amach sa phlean corparáideach seo an éagsúlacht sin. Tar éis síniú na rialachán ábhartha atá leagtha amach san Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) (Leasú) 2019, léirítear sa phlean corparáideach do 2025 rolladh amach na bhfeidhmeanna eile atá bronntar ar QQI tríd an Acht sin, go háirithe maidir le húdarú an mhairc oideachais idirnáisiúnta, *TrustEd Ireland*.

Beartaíonn QQI ár dtosaíochtaí a chomhlíonadh maidir leis an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí a chosaint don todhchaí; rialáil iontaofa, treoirlínte, comhairle agus seirbhísí a sheachadadh; léargais, taighde agus anailís luachmhar ar fud an chórais a chomhroinnt; comhpháirtíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta a dhoimhniú, agus eagraíocht athléimneach agus lúfar a chruthú.

Táimid ag dréim le dul i mbun oibre i gcomhar lenár bpáirtithe leasmhara chun na gníomhaíochtaí atá i bPlean Corparáideach QQI 2025 a sheachadadh agus maidir leis an gcaoi a gcomhlíonann siad na tosaíochtaí agus na gníomhartha atá i Ráiteas Straitéise 2025-27 QQI.



# Fís, Misean agus Luachanna

## Ár bhFís

Táimid tiomanta d'fhís d'Éirinn ina seachadtar córas oideachais threasaigh atá solúbtha, freagrúil, agus dearbhaithe ó thaobh na cáilíochta de mar ar féidir le foghlaimeoirí a bheith muiníneach gur eispéireas foghlama d'ardchaighdeán a gheobhaidh siad agus go gcuirfear luach ar a gcuid cáilíochtaí, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

## Ár Misean

Cuirimid muinín agus iontaoibh an phobail chun cinn i gcáilíocht, ionracas agus dea-cháil chóras oideachais threasaigh na hÉireann trí:

- iomláine an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí chosaint,
- eolas údarásach agus cuimsitheach faoi cháilíochtaí agus deiseanna foghlama a sholáthar;
- rialú agus treoir iontaofa a sheachadadh,
- cáilíocht soláthraithe agus a gcuid clár a bhreisiú agus,
- tionchar a imirt ar athrú córais le léargas agus anailísí.

## Ár Luachanna

Is iad luachanna soiléire agus an cineál iompair a ghabhann leo a rialaíonn ár gcur chuige i leith ár gcuid oibre féin agus an tslí a n-oibrímid lenár gcomhpháirtithe.

Is foras poiblí **neamhspleách** muid, a oibríonn laistigh de chreat leathan bheartas an Rialtais. Déanaimid ár n-údarás rialála a chur i bhfeidhm go trédhearcach, go cóir, go neamhchlaonta agus go hoibiachtúil.

Tá meas againn ar ár **bhfreagracht i bpáirt** le daoine eile chun muinín a chinntiú agus feabhsú leanúnach a dhéanamh ar chúrsaí oideachais agus oiliúna. I gcomhpháirtíocht le daoine eile, tugaimid faoinár dtosaíochtaí agus ár ngníomhartha ar bhealach **comhairleach, comhoibríoch** agus **cuimsitheach.**

Glacaimid agus cothaímid **muinín** agus **ionracas** inár gcinnteoireacht agus inár mbeartais, inár ngnásanna agus inár rialúchán. Ar fhianaise agus ar dhea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhunaímid ár gcur chuige.

Tá an **fhoghlaim agus an nuálaíocht** i gcroílár gach a ndéanaimid agus an chaoi a ndearaimid ár gcórais agus ár bpróisis ghnó.. Cothaímid ár saineolas agus ár n-eolas agus foghlaimímid ónár gcomhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta chun tionchar a imirt agus chun daoine a threorú, a chomhairliú agus chun cúrsaí a rialáil ar bhealach údarásach agus freagrúil.

Is mór againn **taighde**, **léargas**, agus **anailís** to chun ár dtosaíochtaí agus ár ngníomhartha a bhaint amach le tionchar dearfach agus intomhaiste.

# Plean Corparáideach 2025

**Tosaíocht Straitéiseach 1 – Féachaint chuige go seasfaidh An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí an aimsir** mar fhoinse faisnéise údarásach do cháilíochtaí treasacha atá dearbhaithe ó thaobh cáilíochta de

**Déanfaimid a thuilleadh forbartha ar ardáin QQI chun an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) a chur chun cinn mar fhoinse údarásach faisnéise ar cháilíochtaí dearbhaithe cáilíochta lena n-áirítear micrea-fhaisnéis aitheantais**

Ceanglais theicniúla maidir le hidir-inoibritheacht idir an IRQ agus Qualifax, Europass QDR agus DEQAR a dhéanamh amach, ag díriú ar an tSamhail Foghlama Eorpach a úsáid agus a chur chun cinn.

A chinntiú go bhfoilsítear an IRQ mar shonraí oscailte chun tacú le hanailís agus úsáid sonraí cáilíochtaí laistigh agus lasmuigh den earnáil oideachais.

Leanúint ar aghaidh le hathfhorbairt an IRQ chun cur le cáilíocht agus méid na faisnéise a fhoilsítear faoi cháilíochtaí agus faoi chláir lena n-áirítear micrea-fhaisnéis aitheantais.

Uirlisí agus acmhainní a fhorbairt chun tacú le húsáideoirí deiridh an CNC a thuiscint agus a úsáid go cuí.

Beartais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun an CNC a chothabháil agus a chur i bhfeidhm.

**Déanfaimid athbhreithniú agus modhnú ar na cineálacha dámhachtana reatha sa CNC chun freastal níos fearr a dhéanamh ar fhoghlaimeoirí i gcóras oideachais tríú leibhéal níos comhtháite**

Tuairisceoir cineáil dámhachtana nua a fhoilsiú do mhórdhámhachtain amháin ag Leibhéal 6 den CNC lena n-áirítear aon tionchair iarmhartacha ar Leibhéal 5 den CNC le hamlínte aistrithe comhaontaithe.

Athbhreithniú, nuashonrú agus cuíchóiriú a dhéanamh ar bheartais agus ar chritéir an CNC.

**Feabhsóimid an rogha d'fhoghlaimeoirí trí fhorais cháiliúcháin liostaithe a aithint agus cuirfimid a ndámhachtainí acadúla agus gairmiúla san áireamh sa CNC**

Críochnaigh Céim 1 de phlean forfheidhmithe na bhforas cáiliúcháin liostaithe trí iarratais ó bheirt iarratasóirí ar a laghad ar tugadh cuireadh dóibh a mheas.

Iarratais agus sceideal do chur i bhfeidhm Chéim 2 (comhlachtaí gairmiúla baile agus ardoideachais) a dheimhniú.

**Forbróimid liosta údarásach de chláir mhúineadh an Bhéarla agus de chláir ardoideachais a thairgeann soláthraithe a bhfuil an marc cáilíochta *TrustEd Ireland* bainte amach acu d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta**

Leanúint den athfhorbairt ar an IRQ chun foilsiú faisnéise *TrustEd Ireland* a chumasú agus chun freastal ar riachtanais na Roinne Dlí agus Cirt mar úsáideoirí deiridh, le réitigh eatramhacha.

| |
|---|
| **Cuirfimid meastóireacht sheachtrach i gcrích ar fheidhmíocht QQI mar fhoras cáiliúcháin cáilíochtaí oideachais tríú leibhéal sa CNC.** |
| Grúpa comhairleach seachtrach a bhunú. |
| Ceanglais agus sonraíocht a eisiúint don doiciméad iarraidh ar thairiscint agus tús a chur leis an meastóireacht. |
| **Déanfaimid athbhreithniú ar cibé an gcomhlíonann soláthraithe aonair beartas rochtana, aistrithe agus forchéimnithe agus ar aitheantas cuí don réamhfhoghlaim** |
| Samhail a fhorbairt agus comhairliúchán a dhéanamh le haghaidh athbhreithnithe institiúideacha agus réigiúnacha ar ATP agus RPL. |
| Beartas nuashonraithe um Rochtain, Aistriú agus Forchéimniú QQI a fhoilsiú. |
| Tógáil ar ár gcaidreamh le geallsealbhóirí BOO agus AO, agus ar chaidreamh idirnáisiúnta, chun raon feidhme doiciméid a leagan amach agus an doiciméad a fhoilsiú, ina leagfar amach cur chuige náisiúnta i leith aitheantas don réamhfhoghlaim san oideachas treasach. |
| Dul i mbun caidrimh le gníomhaithe córais ábhartha chun cur chuige comhaontaithe a dhaingniú i leith Chaighdeáin Dámhachtainí Díorthaithe Clár QQI a phróiseáil sa Nascscéim Ardoideachais. |
| **Tosaíocht Straitéiseach 2 – Rialúchán, treoirlínte, comhairle agus seirbhísí iontaofa** a sholáthar a oireann do riachtanais líon éagsúil foghlaimeoirí agus soláthraithe |
| **Soláthróimid faisnéis údarásach faoi cháilíocht an chórais oideachais threasaigh phoiblí trí chreat cuimsitheach faireacháin ina mbaintear úsáid as uirlisí cainníochtúla agus cáilíochta cu** |
| Anailís théamach a dhéanamh agus a fhoilsiú ar thuarascálacha athbhreithnithe CINNTE do na hollscoileanna teicneolaíochta. |
| Beartas agus creat faireacháin uileghabhálach nua a bhunú (a bheidh mar bhonn agus mar thaca faoi gach feidhm reachtúil). |
| Táscairí cáilíochta cainníochtúla agus cáilíochtúla a fhorbairt do na BOOanna. |
| Próiseas tuairiscithe cáilíochta bliantúil a fhorbairt do na BOOanna. |
| Meastóireacht DC ar chomhchláir a chríochnú ina mbaintear úsáid as an gCur Chuige Eorpach, agus an chéad tuarascáil mheastóireachta a fhoilsiú. |
| Anailís théamach a dhéanamh agus a fhoilsiú ar thuarascálacha athbhreithnithe CINNTE do na hollscoileanna teicneolaíochta. |
| Próiseas tuairiscithe cáilíochta bliantúil nua d'institiúidí ardoideachais a fhorbairt agus a thabhairt cothrom le dáta. |
| **Rachaimid i dteagmháil le soláthraithe breisoideachais agus ardoideachais chun samhlacha cuí a fhorbairt le haghaidh athbhreithniú cáilíochta institiúideach amach anseo** |
| Páipéar glas a fhoilsiú ar shamhlacha le haghaidh athbhreithniú institiúideach oideachais tríú leibhéal. |
| Leanúint leis an athbhreithniú institiúideach ar a éifeachtaí atá DC na n-institiúidí ardoideachais príobháideacha/neamhspleácha meánmhéide. |
| Samhail agus próiseas a bhunú don athbhreithniú institiúideach ar sholáthraithebeaga neamhspleácha/príobháideacha. |

| |
|---|
| **Nuashonróimid ár dtreoirlínte maidir le measúnú chun a chinntiú go léiríonn siad comhthéacsanna teagaisc agus foghlama atá ag athrú lena n-áirítear úsáid na hintleachta saorga** |
| Súil úr ar an measúnú Dul chun cinn a dhéanamh ar threoirlínte athbhreithnithe um dhearbhú cáilíochta ar mheasúnú ar dhámhachtainí BOO agus AO de chuid QQI. |
| **Méadóimid neamhspleáchas agus solúbthacht do sholáthraithe ardoideachais príobháideacha aibí trí údarás tarmligthe a thabhairt dóibh lena ndámhachtainí féin a dhéanamh, le monatóireacht éifeachtach chainníochtúil agus cháilíochtúil chun maoirsiú ar cháilíocht a chinntiú** |
| Dul chun cinn a dhéánamh sna gnásanna, sna treoirlínte agus san amlíne don údarás tarmligthe faoi réir rialacháin aireachta a bheith bunaithe. |
| **Déanfaimid níos mó freagrachta as bailíochtú clár agus comhroinnt na gclár náisiúnta breisoideachais agus oiliúna a chineachadh chuig na boird oideachais agus oiliúna chun cur ar a gcumas cláir sholúbtha nuálacha a fhorbairt dá bhfoghlaimeoirí** |
| Forbairt struchtúir agus córais chomhroinnte a chur chun cinn agus a spreagadh ar fud na hearnála BOO a chumasóidh freagracht as meastóireacht clár nua a chineachadh chuig BOOanna aonair agus / nó grúpaí BOOnna. |
| Spreagadh a thabhairt d'fhorbairt clár ar fud na hearnála BOO chun athsholáthar na gclár is sine a chur chun cinn. Áireofar leis sin bailíochtú a tharraingt siar ó na cláir sin ag gach cruinniú de chuid PAEC. |
| **Forbróimid treoirlínte um dhearbhú cáilíochta do chóras aonair printíseachta, d'fhoghlaim chomhtháite oibre agus do chláir lena gcuimseofar earnáil an oideachais threasaigh** |
| Treoirlínte athbhreithnithe reachtúla QA a fhoilsiú do sholáthraithe clár printíseachta chun treoir a ionchorprú ar sholáthar comhoibríoch, faoi réir comhaontú ar shamhail chomhtháite. |
| Treoirlínte reachtúla um dhearbhú cáilíochta ar fhoghlaim chomhtháite oibre a fhoilsiú. |
| **Cumasóimid tuiscint níos fearr ar cháilíochtaí ón gcoigríoch ag soláthraithe, fostóirí, agus foghlaimeoirí idirnáisiúnta, lena n-áirítear daoine easáitithe agus dídeanaithe, trí sheirbhís NARIC Ireland** |
| Plean cumarsáide a fhorbairt tuilleadh chun tacú le tuiscint níos fearr ar aitheantas cáilíochtaí agus ar ról na seirbhíse NARIC laistigh de, agus chun iad a chothú agus a chur chun cinn. |
| Naoi bpróifíl oideachais tíre agus doiciméad comhairleach a fhoilsiú chun iad a fhorbairt. |
| Faisnéis staidrimh maidir le húsáideoirí sheirbhís NARIC a roinnt le geallsealbhóirí. |
| **Déanfaimid athbhreithniú ar an mbeartas agus ar na critéir maidir le bailíochtú clár lena chinntiú go bhfuil siad comhréireach le méid agus leibhéal na dámhachtana QQI atá á tairiscint** |
| Beartas agus critéir athbhreithnithe do bhailíochtú clár a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh orthu |
| Próisis athraitheacha a éascú le haghaidh bailíochtú a bheidh i gcomhréir le méid agus leibhéal na dámhachtana QQI atá le tairiscint. |
| An beartas críochnaithe a chur in iúl do sholáthraithe agus geallsealbhóirí trí fhaisnéisiú/seimineár. |

| |
|---|
| **Déanfaimid Córais Comhdhámhachtainí QQI a chuíchóiriú agus forbróimid caighdeáin níos leithne do dhámhachtainí QQI le gur féidir le soláthraithe forbairt clár lúfar a dhéanamh** |
| Torthaí agus cur chuige athbhreithnithe CAS 2023 i réimse an chúraim sláinte a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh orthu. |
| Caighdeáin nua Dámhachtainí Ginearálta QQI sa Ghnó a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh orthu. |
| Beartas athbhreithnithe QQI maidir le Cinneadh Caighdeán Dámhachtana a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh air. |
| Beartas athbhreithnithe QQI maidir le Déanamh Dámhachtainí a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh air. |
| Fís straitéiseach a ullmhú do chóras dámhachtainí QQI comhtháite agus tús a chur le forbairt agus tástáil na feidhmiúlachta cumasaithe TFC cuí. |
| **Déanfaimid measúnú díchill chuí ar sholáthraithe príobháideacha maidir lena n-oiriúnacht chun oideachas agus oiliúint rialaithe a thairiscint agus slándáil a sholáthar dá bhfoghlaimeoirí trí chiste reachtúil um chosaint foghlaimeoirí a bhunú** |
| Próiseas an díchill chuí a ionchorprú sa phróiseas formheasa soláthraí do sholáthraithe is iarrthóirí. |
| Próiseas an díchill chuí a chur i bhfeidhm, a sheachadadh, agus monatóireacht a dhéanamh air, idir phróiseas comhtháite agus phróiseas caighdeánach. |
| An scéim náisiúnta faofa um Chosaint d'Fhoghlaimeoirí Rollaithe (PEL) a chur i bhfeidhm agus a bhainistiú de réir riachtanais reachtúla agus frámaí ama. |
| Struchtúr/struchtúir tuairiscithe nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun eolas a thabhairt ar fheidhmíocht an Chiste um Chosaint d'Fhoghlaimeoirí do gach páirtí leasmhar. |
| **Eiseoimid an marc cáilíochta TrustEd Ireland do sholáthraithe mhúineadh an Bhéarla agus ardoideachais a chomhlíonann cód cleachtais reachtúil chun oideachas a sholáthar d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta** |
| An chéad phróiseas iarratais agus measúnaithe a bhainistiú as a dtiocfaidh údarú TrustEd Ireland do sholáthraithe Oideachas Mhúineadh an Bhéarla agus Ardoideachais. |
| Tacú le soláthraithe le linn na tréimhse iarratais le sraith seimineár gréasáin seachtainiúla agus caidreamh eile. |
| An marc TrustEd Ireland a údarú do sholáthraithe ardoideachais agus oideachas mhúineadh an Bhéarla. |
| Ullmhú don dara próiseas iarratais agus measúnaithe. |
| **Tosaíocht Straitéiseach 3: Léargais, taighde agus anailís luachmhar ar fud an chórais a chomhroinnt** le príomhpháirtithe leasmhara |
| **Feabhsóimid ár n-acmhainn anailíse sonraí chun painéil QQI a chruthú a sholáthraíonn táscairí cáilíochta agus cáilíochtaí ar leibhéal córais.** |
| Painéil idirghníomhacha nuashonraithe débhliantúla a fhoilsiú ar dheimhniú dámhachtainí QQI. |
| Páipéar raon feidhme a ullmhú ar conas sonraí QQI a bhailiú, a bhainistiú, a chosaint, a úsáid, a anailísiú agus a fhoilsiú. |
| Comhordú a dhéanamh ar thuarascáil féinmheasúnaithe agus doiciméid choimhdeacha ghaolmhara a ullmhú chun tacú le hiarratas ar dheimhniú ISSCoP do shonraí a bhaineann le dámhachtainí QQI. |
| **Déanfaimid treoir agus ceannaireacht smaoinimh maidir le measúnú agus intleacht shaorga a chomhroinnt le soláthraithe** |

| |
|---|
| Gearr-thuarascáil ar intleacht shaorga i gcúrsaí breisoideachais, ardoideachais agus oideachas mhúineadh an Bhéarla, a fhoilsiú in 2024 agus suirbhé a dhéanamh ar an bhfoireann agus ar na foghlaimeoirí in 2025. |
| Súil úr ar an measúnú: Anailís chainníochtúil agus cháilíochtúil ar an éagsúlacht in aicmí na gcéimeanna baitsiléara onóracha 2012-2022 a chríochnú agus a fhoilsiú. |
| **Foilseoimid anailís ar leibhéal an chórais ar ár monatóireacht bhliantúil agus ar ár measúnú tréimhsiúil ar sholáthraithe, ina n-úsáidfear intleacht shaorga nuair is cuí** |
| Maoirseacht a dhéanamh ar anailís théamach a tháirgeadh ar thuairisciú cáilíochta bliantúil 2025 & na torthaí a scaipeadh agus cleachtas nuálaíoch a thaispeáint. |
| Anailís théamach a fhoilsiú ar thuarascálacha arna dtáirgeadh i bpróisis bailíochtaithe clár QQI 2018-2024. |
| Tuarascálacha monatóireachta ó sholáthraithe breisoideachais agus oiliúna a bhailiú, a chomhordú, a fhoilsiú agus a anailísiú go téamach ar bhonn córasach. |
| **Déanfaimid anailís agus cuirfimid léargais ar fáil ar shonraí agus ar threochtaí Dhámhachtainí QQI chun soláthraithe, lucht déanta beartas, gníomhaireachtaí maoinithe agus straitéisí rialtais a chur ar an eolas** |
| **Uasmhéadóimid tionchar ár léargais, ár dtaighde agus ár n-anailís trí chumarsáid éifeachtach ar gach ardán** |
| Tosaíochtaí taighde QQI 2025-27 a fhoilsiú. |
| Athbhreithniú a dhéanamh ar shuímh Ghréasáin QQI chun a chinntiú go gcomhlíonann siad riachtanais ár n-úsáideoirí éagsúla ó thaobh ábhair, taithí úsáideoirí agus inrochtaineacht. |
| **Déanfaimid óstáil ar imeachtaí chun ár n-anailísí ar leibhéal an chórais a scaipeadh lena n-áirítear comhdháil dhébhliantúil ar phríomhthéama straitéiseach a chuimsíonn cáilíocht agus cáilíochtaí.** |
| Comhdháil dhébhliantúil a óstáil. |
| **Tosaíocht Straitéiseach 4: Comhpháirtíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta a dhoimhniú** |
| **Déanfaimid ár ndícheall chun tionchar a imirt ar an mbeartas oideachais agus oiliúna tríd an teagmháil atá againn leis an rialtas, le cisteoirí poiblí, le soláthraithe agus le páirtithe leasmhara eile** |
| Caidreamh a dhéanamh le príomhpháirtithe leasmhara náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhfuil baint acu le haitheantas agus RPL, maidir le smaointeoireacht, cleachtas agus cur chun feidhme reatha, lena n-áirítear tacaíocht do DFHERIS chun treochlár beartais a bhunú. |
| Tacú le plé agus rannpháirtíocht straitéiseach trí Fhóram Cáilíochta agus Cáilíochtaí na hÉireann (IQQF). Ballraíocht IQQF a leathnú lastall den fho-ghrúpa tosaigh d'fhorais cháiliúcháin reachtúla. |
| Tacú le Fóram Comhairleach an Chreata Náisiúnta um Oideachas Dochtúireachta (NFDE), a bhfuil QQI agus an ÚAO ina gcomhchathaoirligh air. Bainistiú agus comhoibriú le páirtithe leasmhara trí fhóram tuairiscithe na ngrúpaí oibre. |
| Leanúint ar aghaidh ag méadú agus ag feabhsú an chaidrimh leis an earnáil Phobail agus Deonach trí:<br>- cruinnithe débhliantúla den fhóram soláthraithe earnála pobail agus deonaí a bhainistiú.<br>- idirchaidreamh a sholáthar do bhaill den earnáil phobail agus deonach. |
| Tionscadal T&F a chur chun cinn maidir le nascacht agus cumarsáid idir lucht fiontair, fostóirí, tionsclaithe agus gníomhaithe eile sa mhargadh saothair agus an pobal oideachais agus oiliúna, lena n-áirítear QQI. |
| **Déanfaimid líonraí náisiúnta agus idirnáisiúnta a threorú chun díriú ar na bagairtí méadaitheacha ar an ionracas acadúil** |

Beartas rialála ar ionracas acadúil a fhoilsiú agus an plean feidhmithe gaolmhar a fhorbairt.
- Caidreamh agus gníomhaíocht tuairiscithe a leathnú le hardáin fógraíochta agus foilsitheoireachta domhanda agus le geallsealbhóirí eile a bhféadfar a n-ardáin a úsáid chun caimiléireacht chonartha agus foirmeacha calaoise acadúla a chur chun cinn.

An Líonra Náisiúnta um Ionracas Acadúil a bhainistiú, trína dtacófar le soláthar oiliúna agus forbartha gairmiúla an líonra agus le forbairt agus le cur i bhfeidhm acmhainní.
- Bainistíocht a dhéanamh ar tháirgeadh agus ar scaipeadh an uasdátaithe ráithiúil ar ionracas acadúil.
- Ballraíocht an líonra a leathnú ar fud an oideachais threasaigh agus cur le feasacht ar NAIN ag an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- Tacú le rannpháirtíocht foghlaimeoirí i NAIN.

Leanúint de bheith ag bainistiú an Líonra Ionracais Acadúil Domhanda i gcomhpháirtíocht leis na comhbhunaitheoirí, TEQSA, agus é a leathnú.

**Cuideoimid le meicníochtaí a fhorbairt chun ról a thabhairt d'fhoghlaimeoirí i gcáilíochtaí a gcuid oideachais agus oiliúna trínár gcuid oibre le forais éagsúla ionadaíocha agus tacaíochta d'fhoghlaimeoirí**

Leanúint den teagmháil fhoirmiúil le forais foghlaimeoirí trí rannpháirtíocht i:
- Grúpaí Stiúrtha agus Comhairleacha an Chláir Náisiúnta Rannpháirtíochta Mac Léinn (NStEP) leis an ÚAO agus le hAontas na Mac Léinn.
- Fóram Náisiúnta Foghlaimeoirí , faoi chathaoirleacht AONTAS.
- Teagmháil rialta le USI agus ICOS agus le grúpaí foghlaimeoirí atá ann cheana féin.

**Cuirfimid le dea-chleachtas i ndearbhú cáilíochta agus cáilíochtaí trínár gcaidreamh straitéiseach le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta san Eoraip agus ar fud an domhain a dhoimhniú**

Úsáid a bhaint as ár ról mar Lárionad Náisiúnta Europass agus mar Phointe Comhordaithe Náisiúnta EQF le dul i gceannas ar chomhroinnt eolais, ar fhorbairt acmhainní agus ar chomhoibriú le gníomhaireachtaí náisiúnta agus Eorpacha.

Rannpháirtíocht faoi mheabhráin tuisceana idirnáisiúnta atá ann cheana a chothabháil agus a mhéadú.

**Bainfimid úsáid as ár meabhráin reachtúla leis na húdaráis mhaoinithe breisoideachais agus ardoideachais chun cuidiú le forbairt agus feabhsú cháilíocht chóras oideachais treasaigh comhtháite.**

Teagmháil ghníomhach fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil a chothabháil agus a fheabhsú agus leanúint de leas a bhaint as deiseanna le haghaidh comhair faoinár meabhráin tuisceana athnuaite leis an ÚAO agus Solas.

**Rachaimid i gcomhpháirtíocht le forais rialála gairmiúla agus reachtúla chun córais náisiúnta creidiúnaithe gairmiúla agus bailíochtaithe acadúil clár as a dtagann iontráil d'fhoghlaimeoirí isteach i ngairmeacha rialaithe a chuíchóiriú**

Leanfaimid de chaidreamh le PSRB a leathnú:
- Leanfaimid d'fhormhuiniú na bPrionsabal um Chreidiúnú Gairmiúil a chur chun cinn.
- Leanfaimid den chaidreamh le PSRBanna (Finding Common Ground) trí sheimineáir ghréasáin, imeachtaí agus cumarsáid
- Leanfaimid den chaidreamh leis an gclár Finding Common Ground a leathnú chun eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht thar ceann gairmeacha a chur san áireamh.

Comhoibreoimid leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha maidir le raon feidhme a bhunú i gcás roghanna cáilíochtaí agus riachtanais do chleachtóirí rialaithe cúram leanaí d'aois scoile.

Beidh caidreamh againn le sprioc-PSRBanna chun deiseanna a aithint chun ailíniú na bpróiseas socraithe caighdeán agus creidiúnaithe a neartú.

| |
|---|
| **Tacóimid le tógáil acmhainne sna boird oideachais agus oiliúna i gcomhpháirtíocht straitéiseach le húdaráis maoinithe, forais ionadaíocha soláthraithe agus páirtithe leasmhara eile** |
| Comhoibreoimid le hAonad Scileanna chun Cinn Solas chun forbairt clár BOO a éascú sna réimsí a dhéanann an t-aonad sin a chur chun cinn agus a mhaoiniú. |
| **Déanfaimid earnáil oideachais mhúineadh an Bhéarla a chomhtháthú go hiomlán laistigh de chreataí rialála agus dearbhaithe cáilíochta QQI, i gcomhar le forais ionadaíochta soláthraithe agus foghlaimeoirí** |
| Leanfaimid den chaidreamh le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha maidir le húdaruithe réamh-TrustEd. |
| Beidh caidreamh againn le soláthraithe údaraithe. |
| Leanfaimid de phróifíl earnáil oideachas mhúineadh an Bhéarla a mhéadú le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha. |
| **Tosaíocht Straitéiseach 5: Eagraíocht athléimneach agus lúfar** a chruthú ina soláthraítear seirbhísí freagrúla, trédhearcacha agus éifeachtacha |
| **Cruthóimid ionad oibre éagsúil agus cuimsitheach ina sainaithnítear QQI mar fhostóir chéad rogha, trí chultúr ina gcuirtear luach ar chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú (EDI) a chumasú, trí mharcanna cáilíochta san ionad oibre a bhaint amach agus trí thimpeallacht oibre hibrideach atá cumasaithe ag an teicneolaíocht a sholáthar, timpeallacht a bheidh comhsheasmhach lenár n-oibleagáidí aeráide agus inbhuanaitheachta** |
| Gníomhaíochtaí a sainaithníodh do Bhliain 1 den phlean comhionannais, éagsúlachta agus cuimsithe chur i bhfeidhm. |
| An Gradam Cré-umha d'Infheisteoirí san Éagsúlacht a bhaint amach. |
| Tús a chur leis an bpróiseas iarratais don Dámhachtain Airgid d'Infheisteoirí san Éagsúlacht. |
| Moltaí ón athbhreithniú meántéarmach ar Mharc KeepWell a chur i bhfeidhm agus an marc a bhaint amach ar feadh dhá bhliain eile. |
| Oibreoimid leis an tiarna talún chun an foirgneamh a thabhairt laistigh de spriocanna an rialtais maidir le hastuithe gáis cheaptha teasa faoi 2030 agus ina dhiaidh sin, faoi réir ag ceadú chun síneadh a chur leis an léas ag 26-27 Lána Denzille. |
| Déanfaimid iarracht seasamh QQI mar fhostóir chéad rogha a fheabhsú trí athbhreithniú a dhéanamh ar ár bpróisis earcaíochta agus tríd ár Straitéis AD 2025-2027 atá dírithe ar chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a chur i bhfeidhm. |
| Ár bPlean Gníomhaíochta um Straitéis Acmhainní Daonna a chur chun cinn thar an tréimhse 2025-2027 chun ár rannchuidiú le sármhaitheas eagraíochtúil a uasmhéadú. |
| **Déanfaimid aclaíocht agus athléimneacht eagraíochtúil a thógáil trí chórais agus struchtúir a chruthú trína gcothaítear cultúr comhroinnte eolais, cumarsáide agus bainistíochta tionscadail tras-eagraíochta** |
| Inlíon na foirne a athfhorbairt (céim 1). |
| Comhroinnt faisnéise a chur chun cinn tríd an Líonra Comhpháirtíochtaí inmheánach (PN) agus an feidhmchlár PN. Déan an feidhmchlár PN a chur ar fáil ar fud na heagraíochta. |
| Athbhreithniú 360 céim ar struchtúir agus ar phróisis rialachais bainistíochta tionscadail QQI a chríochnú agus feabhsuithe aitheanta a chur i bhfeidhm. |
| Dul i gceannas ar athbhreithniú tras-eagraíochtúla agus ar nuashonrú ar Chairt Custaiméirí agus ar Phlean Gníomhaíochta Chairt Custaiméirí QQI. |
| Straitéis TFC a fhorbairt agus tús a chur lena cur i bhfeidhm chun tacú le ráiteas straitéise agus riachtanais QQI |

| |
|---|
| Feabhsú a dhéanamh ar chibearshlándáil agus shlándáil sonraí agus é a neartú tuilleadh agus forbairt a dhéanamh ar phainéal méadrachta slándála chun sainaithint agus feabhsú rioscaí a rianú ar fud thírdhreach slándála QQI. |
| **Cuirfimid bonneagar inmheánach um dhearbhú cáilíochta i bhfeidhm lena n-áirítear straitéis chuimsitheach sonraí agus córais éifeachtacha bainistíochta taifead** |
| An Tionscadal Feabhsaithe Próisis Gnó a chríochnú agus raon feidhme tionscadail a mheas agus an tionscadal a sheoladh chun athbhreithniú agus feabhsú a dhéanamh ar chóras bainistíochta cáilíochta inmheánach QQI. |
| Straitéis Sonraí QQI a chruthú trína gcuimseofar creat rialachais sonraí agus grúpa oibre chun cabhrú le feidhmeanna QQI, rud a ailíneofar le straitéisí agus prionsabail sonraí na hearnála poiblí agus na hEorpa. |
| Athbhreithniú a dhéanamh ar Bheartas Bainistíochta Taifead QQI agus ar chur i bhfeidhm an Sceidil Taifead & Coinneála. |
| **Oibreoimid leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta chun a chinntiú go bhfuil sruthanna ioncaim cobhsaí, intuartha agus inbhuanaithe ag QQI as a leanfaidh trédhearcacht níos fearr i dtáillí agus i muirir do sheirbhísí QQI, agus luach níos fearr ar airgead** |
| Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis agus ar chostais ALP chun an costas do QQI a bhaineann le cur i bhfeidhm an ALP a fháil amach. |
| Struchtúr tuairiscithe agus coinbhinsiúin nua a chruthú chun tús a chur le PEL a chuireann ar chumas QQI a fhreagrachtaí reachtúla a chomhlíonadh. |
| Leanfaimid den chaidreamh le DFHERIS chun iad a chur ar an eolas maidir lenár staid airgeadais chun a chinntiú go gcuirtear cistí dóthanacha ar fáil do QQI ar bhealach tráthúil agus cuí trína leanfar ar aghaidh de luach ar airgead a sholáthar. |
| Leanfaimid ar aghaidh ag obair le DFHERIS chun meicníocht mhaoinithe a bhunú a léiríonn na hionchuir acmhainne a dhéanann QQI ionas go mbeidh an t-ioncam ar aon dul le costas sholáthar na seirbhíse. |
| Athbhreithniú a dhéanamh ar ár gcórais agus próisis inmheánacha chun a chinntiú go bhfuil siad in ann faisnéis airgeadais thráthúil agus chruinn a sholáthar do na páirtithe leasmhara go léir. |
| Sceideal táillí athbhreithnithe agus nuashonraithe a fhoilsiú. |
| **Feabhsóimid ár seirbhísí do pháirtithe leasmhara trí theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, próisis agus ardáin ghnó a dhearadh a bheidh dírithe ar an úsáideoir, agus trí acmhainneacht na hintleachta saorga a fhiosrú, ag teacht leis an treoir maidir lena húsáid i seirbhís phoiblí na hÉireann** |
| Leanfaimid de chomhéadain úsáideora QHub a fheabhsú chun feidhmiúlacht, taithí úsáideora agus sláine sonraí a fheabhsú. |
| Ardáin dhigiteacha atá úsáideoir-lárnach a fhorbairt chun tacú le riachtanais ghnó. Taighde críochnúil ar úsáideoirí a dhéanamh, comhéadain iomasacha a dhearadh, córais iontaofa chúil a chur i bhfeidhm agus athúsáid fhreagrach sonraí a chur chun cinn. Na hardáin seo a thástáil agus a bheachtú go leanúnach chun éifeachtúlacht agus inoiriúnaitheacht a chinntiú. |
| Treoirscéim de Microsoft Copilot a sheoladh laistigh de QQI le hoibríochtaí a fheabhsú trí IS. Oiliúint agus tacaíocht a sholáthar don fhoireann maidir le comhtháthú na huirlise seo inár sreafaí oibre. Aiseolas ón treoirscéim a bhailiú agus a athbhreithniú chun tionchar a mheas agus chun eolas a sholáthar do chinneadh maidir le rolladh amach iomlán. |
| **Déanfaimid ár ndeimhniú foghlaimeora a athrú ó fhoirm fhisiciúil go foirm dhigiteach** |
| Eisiúint teastas QQI i bhformáid dhigiteach a thástáil. |
| Deimhnithe QQI athbhrandaithe a fhorbairt agus a eisiúint ar a bhfuil an lógó corparáideach reatha agus an t-aitheantas amhairc gaolmhar. |

| |
|---|
| Tacú le cur i bhfeidhm raon feidhme tosaigh Chruthúnas Coincheapa um Dhintiúir Dhigiteacha chuig sparán digiteach OGCIO. |
| **Cloífimid leis na hoibleagáidí reachtaíochta, rialála agus comhlíonta ábhartha go léir, idir náisiúnta agus idirnáisiúnta** |
| An fheidhm iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú agus a leasú de réir mar is cuí chun tacú le seachadadh an timthriall iniúchta inmheánaigh faofa agus an phlean iniúchta inmheánaigh rolllála. |
| Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh de réir mar is gá ar chomhlíonadh an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus stádas a thuairisciú don Choiste Iniúchta agus Riosca. |
| Tacú le hathnuachan agus nuashonrú phainéal agus phróisis na nAchomharc Reachtúil. |

